

Cé go bhfuil lompaire maith féir ar an bpáirc, droch-sheans go n-imreofar aon chluiche inti an bhliain seo. Tá an Coiste ag obair ar chomhairle a fuair siad ón bhForas Talúntais. D'fhostaigh an Coiste an **Foras** le suirbhé a dhéanamh ar an sufómh roimh ré agus lean muid an chomhairle sin ó thaobh draenála, leibhéalú, síol féir, leasú, agus leagan amach na páirce go ginearálta. Moltar dhúinn oiread achair agus is féidir a thabhairt don fhéar óg chun go leathnóidh a chuid phréamhacha agus go bhfásfaidh scrraith mhaith ar an bpáirc.

Pinniúr

Tá pinniúr liathróide láimhe agus seomraí gléasta le haghaidh na páirce dhá dtógáil faoi láthair. Cosnóidh an obair seo £21,000, sin £51,000 san iomlán, agus ní ghlanfadh sin muid. Ní mór carr-chlós a dhéanamh agus sconsa a thóigeáil timpeall na páirce. Ní leor an fál atá leis an taobh líne faoi láthair más mian linn cúpla scilling a bhailiú ag an ngeata. Ní chríochnaíonn pleanannaí an Choiste leis sin. Tá timpeall is dhá acra go leith de thalamh an pharáiste

idir an pháirc agus bóthair an rí agus tá pleannanaí móra ag an gCoiste don talamh sin. Ar ndóigh, ní linn an talamh sin fós, ach tá tairiscint mhaith airgid déanta ag an gCoiste don Ard-Easpag ar agus níl ann ach seal ama nó go mbeidh forbairt dhá dhéanamh air, le cúnamh Dé.

Séard ata i gceist ná cupla cúirt leadóige a dhéanamh a d'fhéadfaí a úsáid mar charr-chlós nuair a bheadh cluichí móra sa bpáirc. D'fhágfadh sin an bóthar mór sábháilte agus mar a dteastaíonn sin ar an saol seo. Chomh maith leis sin d'fheilfidh páirc bheag a d'fhéadfadh gasúir a bheith ag imirt uirthi, agus an rud is géire ar fad – áit do ghasúir bheaga agus do pháistí le sleamhnáin, deis strapadóireachta, agus luascáin inti. Nuair a bhéas an méid sin críochnaithe – bheadh deis ag óige an pharáiste a gcuid ama saora a chaitheamh go sláintiúil.

Ar ndóigh ní mór buíochas a ghlacadh leis an Ard-Easpag a chur suíomh na páirce ar fáil saor in aisce dhúinn. Sílim go n-aontódh sé gur cuireadh in úsáid mhaith é agus gur threoir é do gach paráiste eile ar an mbealach le talamh an pharóiste a úsáid ar son leas an pharáiste. Beidh fáilte rómhainn ar fad ar árdáin an Chnoic, luath nó mall. Sibhse, a óige, ag maolú macnais sa bpáirc nua ó thuaidh den bhóthair agus sinne a bhfuil na blianta ag breith orainn sínte go bródúil san reilig nua ó dheas den bhóthair.

Go mba fada ag baint sásamh as an bPáirc ó
thuaidh sibh ar fad!

Tigh Chualáin

Coill Rua

Teach Tábhairne

XXXXXXXXXXXXXXXXXXXXXXXXXXXX

Bíodh deoch ar do chompóirt agat
uair ar bith is mian leat!



Club Badmantain na Tulai



Iomaitheoirí Badmantain sna Cluichí Ceannais ar an Tulach 1978.

Tá seacht mbliana bainte amach ag Club Badmantain na Tulaí i mbliana. Is iomaí torann atá bainte as na cláir ag imreoirí as gach ceard de Chonamara, Gaillimh Thoir agus Conamara Theas i gcaitheamh an ama sin. Bhíodh daoine á rá fadó go mbíodh síoga soir siar idir an Caisleán agus Bóthar Loch an Iolra, ach cinnte má théann tú thart timpeall meán oíche tá na síoga fós ann agus bataí acu!

Bhí ré dhórcha ag an Club ar feadh cúpla bliain ach le dhá bhliain anuas tá sé ar bharr a mhaitheasa. Thosaigh an Club i rannóg a ceathair dhá bhliain ó shoin, ansin isteach leo i rannóg a trí, agus i mbliana tá foireann acu i rannóg a dó agus ceann eile i rannóg a ceathair, agus tá foireann eile fós ann atá páirteach i gcomórta Ros Muc.

Reachtáil Club na Tulaí comórtas nó ‘Mini Tournament’ faoi Cháisc seo caite agus d’éirigh go breá leis. Páirteach ann bhí foirne as Carna, as Ros Muc, as an gCeathrú Rua, as an Spidéal, agus as an Tulach. Níor scaoil imreoirí na Tulaí ach le trófaí amháin a thug mná Ros Muc leo.

Piocadh Dee Ní Bhrádaigh ar fhoireann na Gaillimhe agus ar fhoireann Chonnacht faoi 18 le gairid. Is ábhar bróid don chlub é imreoir dá gcuid a bheith ar an dá fhoireann sin. Ceaptar nár bhain imreoir as aon chlub i gConamara an onóir seo amach ariamh cheana ach tá súil againn gur ina thúis atá an scéal ag Clubanna Chonamara.

Bíonn craic agus scléip ann ach níl rud ar bith nach mbíonn obair agus eagraíocht ag teastáil uaidh agus neart airgid! Tá airgead an-tábhachtach ach faraor níl sé ró-fhairsing. Tá ballraíocht mhaith ag an gClub ach bíonn fáilte i gcónaí roimh bhaill nua ann. Toghtar coiste nua i dtús gach séasúir bhadmantain. Mar a leanas an coiste atá ag feidhmiú faoi láthair:

Cathaoirleach – Gearóid Ó hUallacháin; Rúnaí –
Pádraicín Uí Chualáin; Cisteoirí – Caitlín Ní
Chonghaile, Caoimhín Ó Flaithimhín; Ionadaithe –
Dee Ní Bhrádaigh, Cáit Ní Fhatharta, Seán
Bolustrom, Máirtín Ó Fatharta; Caiptín – Jimmy
Bolustrom.

Pádraicín Uí Chualáin